**IARSCRÍBHINN X**

Liosta dá dtagraítear in Airteagal 24 den Ionstraim Aontachais: An Ungáir

1. SAORGHLUAISEACHT DAOINE

An Conradh ag bunu an Chomhphobail Eorpaigh:

31968 L 0360: Treoir 68/360/CEE ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 1968 maidir le srianta a dhíothú ar ghluaiseacht agus cónaí sa Chomhphobal d'oibrithe ó na Ballstáit agus dá dteaghlaigh (IO L 257, 19.10.1968, lch. 13), mar atá arna leasú go deireanach le:

– 11994 N: An Ionstraim i dtaobh coinníollacha aontachais agus oiriúnuithe na gConarthaí – Aontachas Phoblacht na hOstaire, Phoblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne (IO C 241, 29.8.1994, lch. 21);

31968 R 1612: Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 1968 maidir le saorghluaiseacht oibrithe laistigh den Chomhphobal (IO L 257, 19.10.1968, lch. 2), mar atá arna leasú go deireanach le:

– 31992 R 2434: Rialachán (CEE) Uimh. 2434/92 ón gComhairle an 27.7.1992 (IO L 245, 26.8.1992, lch. 1);

31996 L 0071: Treoir 96/71/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 1996 maidir le hoibrithe a phostú faoi chuimsiú seirbhísí a sholáthar (IO L 18, 21.1.1997, lch.1).

1. I dtaca le saorghluaiseacht oibrithe agus saoirse seirbhísí a sholáthar lena mbaineann gluaiseacht shealadach oibrithe mar atá sainithe in Airteagal I de Threoir 96/71/CE idir an Ungáir, ar thaobh amháin, agus an Bheilg, Poblacht na Seice, an Danmhairg, an Ghearmáin, an Eastóin, an Ghréig, an Spáinn, an Fhrainc, Éire, an Iodáil, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, an Ísiltír, an Ostair, an Pholainn, an Phortaingéil, an tSlóivéin, an tSlóvaic, an Fhionlainn, an tSualainn agus an Ríocht Aontaithe ar an taobh eile, ní bheidh feidhm go hiomlán ag Airteagail 39 agus ag an gcéad mhír d’Airteagal 49 de Chonradh CE ach amháin faoi réir na bhforálacha idirthréimhseacha atá leagtha síos i míreanna 2 go 14.

2. De mhaolú ar Airteagail 1 go 6 de Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 agus go dtí deireadh an cúigiú bliain tar éis dháta an aontachais, déanfaidh na Ballstáit láithreacha bearta náisiúnta, nó bearta a thig ó shocruithe déthaobhacha, a rialaíonn rochtain ar a margaí saothair ag náisiúnaigh na hUngáire, a chur i bhfeidhm. Féadfaidh na Ballstáit láithreacha leanúint de bhearta den sórt sin a chur i bhfeidhm go dtí deireadh an cúigiú bliain tar éis dháta an aontachais.

Náisiúnaigh na hUngáire atá ag obair go dleathach i mBallstát láithreach arna ligean isteach ar mhargadh saothair de chuid an Ballstáit sin tar éis an aontachais ar feadh tréimhse 12 mí nó níos faide gan briseadh, tairbheoidh siad de rochtain ar mhargadh saothair an Bhallstáit sin ach ní thairbheoidh siad de rochtain ar mhargadh saothair Ballstát eile a chuireann bearta náisiúnta i bhfeidhm

Náisiúnaigh na hUngáire arna ligean isteach ar mhargadh saothair de chuid Ballstáit láithrigh tar éis an aontachais ar feadh tréimhse 12 mí nó níos faide gan briseadh, tairbheoidh siad de na cearta céanna

Scoirfidh náisiúnaigh na hUngáire atá luaite sa dara fomhír agus sa tríú fomhír thuas de thairbhiú de na cearta atá cuimsithe sna fomhíreanna sin má fhágann siad go deonach margadh saothair an Bhallstáit láithrigh i dtrácht

Náisiúnaigh na hUngáire atá ag obair go dleathach i mBallstát láithreach ar dháta an aontachais nó le linn tréimhse ina gcuirtear bearta náisiúnta i bhfeidhm agus a ligeadh isteach ar mhargadh saothair an Bhallstáit sin ar feadh tréimhse is lú ná 12 mí, ní thairbheoidh siad de na cearta sin.

3. Roimh dheireadh na tréimhse dhá bhliain tar éis dháta an aontachais, déanfaidh an Chomhairle oibriú na bhforálacha idirthréimhseacha atá leagtha síos i mír 2 a athbhreithniú ar bhonn tuarascála ón gCoimisiún.

Tráth chríochnú an athbhreithnithe sin, agus tráth nach déanaí ná deireadh na tréimhse dhá bhliain tar éis dháta an aontachais, tabharfaidh na Ballstáit láithreacha fógra don Choimisiún á rá cé acu an leanfaidh siad de bhearta náisiúnta nó bearta a thig ó chomhaontuithe déthaobhacha a chur i bhfeidhm nó an gcuirfidh siad Airteagail 1 go 6 de Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 i bhfeidhm feasta. Cheal fógra den sórt sin, beidh feidhm ag Airteagail 1 go 6 de Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68.

4. Arna iarraidh sin don Ungáir, féadfar athbhreithniú amháin eile a dhéanamh. Beidh feidhm ag an nós imeachta dá dtagraítear i mír 3 agus críochnófar é laistigh de shé mhí ón iarraidh a fháil ón Ungáir.

5. Ballstát a dhéanann bearta náisiúnta nó bearta a thig ó chomhaontuithe déthaobhacha a choimeád ar bun ag deireadh na tréimhse cúig bliana atá sonraithe i mír 2, féadfaidh sé, i gcás suaitheadh tromchúiseach ar a mhargadh saothair nó bagairt dá leithéid agus tar éis fógra a thabhairt don Choimisiún, leanúint de na bearta sin a chur i bhfeidhm go dtí deireadh na tréimhse seacht mbliana tar éis dháta aontachais na Laitvia. Cheal fógra den sórt sin, beidh feidhm ag Airteagail 1 go 6 de Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68.

6. I rith na tréimhse seacht mbliana tar éis dháta an aontachais, na Ballstáit ina bhfuil feidhm, de bhua mhíreanna 3, 4 nó 5, ag Airteagail 1 go 6 de Rialachán 1612/68 (CEE) i leith náisiúnaigh na hUngáire agus atá ag eisiúint ceadanna oibre do náisiúnaigh na hUngáire chun críocha faireacháin i rith na tréimhse sin, déanfaidh siad amhlaidh go huathoibríoch.

7. Na Ballstáit ina bhfuil feidhm, de bhua mhíreanna 3, 4 nó 5, ag Airteagail 1 go 6 de Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 i leith náisiúnaigh na hUngáire, féadfaidh siad dul ar iontaoibh na nósanna imeachta atá leagtha amach sna fomhíreanna thíos go dtí deireadh na tréimhse seacht mbliana tar éis dháta aontachais na hUngáire.

Nuair atá suaitheadh ar mhargadh saothair ceann de na Ballstáit dá dtagraítear sa chéadfhomhír a d'fhéadfadh dochar tromchúiseach a dhéanamh don chaighdeán maireachtála nó don leibhéal fostaíochta i réigiún nó i ngairm áirithe, nó nuair a dhéanann sé suaitheadh den sórt sin a thuar, cuirfidh an Ballstát sin an Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas faoi agus déanfaidh sé na sonraí uile ábhartha a sholáthar dóibh. Ar bhonn na faisnéise sin, féadfaidh an Ballstát iarraidh ar an gCoimisiún cur i bhfeidhm Airteagail 1 go 6 de Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 á fhionraí go hiomlán nó go páirteach, d'fhonn an staid sa réigiún nó sa ghairm sin a athbhunú ina gnáthriocht. Tráth nach déanaí ná dhá sheachtain tar éis iarraidh den sórt sin a fháil, glacfaidh an Coimisiún cinneadh ar an bhfionraí agus ar a tréimhse agus a raon feidhme. Féadfaidh aon Bhallstát, laistigh de dhá sheachtain tar éis don Choimisiún cinneadh, a iarraidh ar an gComhairle an Cinneadh a neamhniú nó a leasú. Gníomhóidh an Chomhairle ar iarraidh den sórt sin trí thromlach cáilithe laistigh de dhá sheachtain.

I gcásanna práinneacha agus eisceachtúla, féadfaidh Ballstát dá dtagraítear sa chéad fhomhír cur i bhfeidhm Airteagail 1 go 6 de Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 a fhionraí, agus fógra réasúnaithe ex-post a thabhairt don Choimisiún ina dhiaidh sin.

8. Fad atá cur i bhfeidhm Airteagail 1 go 6 de Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 ar fionraí de bhua míreanna 2 go 5 agus 7 thuas, beidh feidhm san Ungáir ag Airteagal 11 den Rialachán i leith náisiúnaigh na mBallstát láithreach, agus beidh feidhm aige sna Ballstáit láithreacha i leith náisiúnaigh na hUngáire faoi na coinníollacha seo a leanas:

– na baill de theaghlach oibrí dá dtagraítear in Airteagal 10 (1) (a) den Rialachán a bhfuil cónaí orthu go dleathach in éineacht leis an oibrí ar chríoch Bhallstáit ar dháta an aontachais, beidh acu, tráth an aontachais, rochtain láithreach ar mhargadh saothair an Bhallstáit sin. Níl feidhm aige seo maidir le baill de theaghlach oibrí atá ag obair go dleathach i mBallstát láithreach ar dháta an aontachais a ligeadh isteach ar mhargadh saothair an Bhallstáit sin ar feadh tréimhse nach lú ná 12 mí;

– na baill de theaghlach oibrí dá dtagraítear in Airteagal 10(1)(a) den Rialachán a bhfuil cónaí orthu go dleathach in éineacht leis an oibrí ar chríoch Bhallstáit ó dháta is déanaí ná dáta an aontachais ach i rith na tréimhse ina gcuirtear i bhfeidhm na forálacha idirthréimhseacha atá leagtha síos thuas, beidh rochtain acu ar mhargadh saothair an Bhallstáit i dtrácht a thúisce atá cónaí orthu sa Bhallstát i dtrácht ar feadh ocht mí dhéag ar a laghad nó ón tríú bliain tar éis dháta an aontachais, cibé acu is túisce.

Beidh na forálacha seo gan dochar do bhearta níos fabhraí, bíodh siad ina mbearta náisiúnta nó ina mbearta a thig ó chomhaontuithe déthaobhacha.

9. Sa mhéid nach féidir forálacha áirithe de Threoir 68/360/CEE a dhealú ó na forálacha sin de Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 a gcuirtear siar a gcur i bhfeidhm de bhun mhíreanna 2 go 5 agus 7 agus 8, féadfaidh an Ungáir agus na Ballstáit láithreacha maolú ar na forálacha sin a mhéad is gá chun míreanna 2 go 5 agus 7 agus 8 a chur i bhfeidhm.

10. Aon uair a chuireann na Ballstáit láithreacha bearta náisiúnta nó bearta a thig ó chomhaontuithe déthaobhacha i bhfeidhm de bhua na mbeart idirthréimhseach atá leagtha síos thuas, féadfaidh an Ungáir bearta coibhéiseacha a choimeád i bhfeidhm i leith náisiúnaigh na mBallstát nó an Bhallstáit i dtrácht.

11. Má fhionraíonn aon cheann de na Ballstáit láithreacha cur i bhfeidhm Airteagail 1 go 6 de Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68, féadfaidh an Ungáir dul ar iontaoibh na nósanna imeachta atá leagtha síos i mír 7 i leith Phoblacht na Seice, nó i leith na hEastóine, na Laitvia, na Liotuáine, na Polainne, na Slóivéine nó na Slóvaice. I rith aon tréimhse den sórt sin, déanfar ceadanna oibre arna n-eisiúint ag an Ungáir chun críocha faireacháin a eisiúint go huathoibríoch chuig náisiúnaigh Phoblacht na Seice, na hEastóine, na Laitvia, na Liotuáine, na Polainne, na Slóivéine nó na Slóvaice.

12. Féadfaidh aon Bhallstát láithreach, agus bearta náisiúnta á gcur i bhfeidhm aige i gcomhréir le míreanna 2 go 5 agus 7 go 9, saorghluaiseacht is mó ná mar atá ann ar dháta an aontachais, lena n-áirítear rochtain iomlán ar mhargadh an tsaothair, a thabhairt isteach faoin dlí náisiúnta. Ón tríú bliain tar éis dháta an aontachais, féadfaidh aon Bhallstát láithreach a chuireann bearta náisiúnta i bhfeidhm a chinneadh tráth ar bith Airteagail 1 go 6 de Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 a chur i bhfeidhm ina n-ionad. Cuirfear an Coimisiún ar an eolas faoi aon chinneadh den sórt sin.

13. Fad a chuireann siad bearta náisiúnta nó bearta a thig ó chomhaontuithe déthaobhacha i bhfeidhm, de bhua na bhforálacha idirthréimhseacha atá leagtha amach thuas, maidir le saorghluaiseacht oibrithe na hUngáire, féadfaidh an Ghearmáin nó an Ostair, tar éis fógra a thabhairt don Choimisiún, maolú ar an gcéad mhí d’Airteagal 49 de Chonradh CE chun díriú ar shuaitheadh tromchúiseach a bhaineann le gluaiseacht shealadach oibrithe a bhfuil a gceart chun gabháil le hobair faoi réir beart náisiúnta sa Ghearmáin nó san Ostair, nó chun díriú ar bhagairt den sórt sin, in earnálacha íogaire seirbhíse ar a margaí saothair a d'fhéadfadh teacht chun cinn i réigiúin áirithe de dhroim soláthair trasnáisiúnta seirbhísí, mar atá sainithe in Airteagal 1 de Threoir 96/71/CE, agus an maolú sin á dhéanamh d'fhonn teorainn a chur, i gcomhthéacs seirbhísí a sholáthar ag cuideachtaí arna mbunú san Ungáir, le gluaiseacht shealadach oibrithe a bhfuil a gceart gabháil le hobair sa Ghearmáin agus san Ostair faoi réir beart náisiúnta.

Is mar a leanas atá liosta na n-earnálacha a d’fhéadfaí a fholú leis an maolú seo:

– sa Ghearmáin:

| Earnáil | Cód NACE (*), mura sonraítear a mhalairt |
|---|---|
| Foirgníocht, lena n-áirítear brainsí gaolmhara | 45.1 go 4;<br>Gníomhaíochtaí atá liostaithe san Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir 96/71/CE |
| Glantachán tionsclaíoch | 74.70 Glantachán tionsclaíoch |
| Seirbhísí eile | 74.78 Gníomhaíochtaí maisitheoirí istigh amháin |

– san Ostair:

| Earnáil | Cód NACE (*), mura sonraítear a mhalairt |
|---|---|
| Gníomhaíochtaí seirbhíse gairneoireachta | 01.41 |
| Cloch a ghearradh, a dheilbhiú agus a chríochnú | 26.7 |
| Struchtúir mhiotail agus codanna díobh a mhonarú | 28.11 |
| Foirgníocht, lena n-áirítear brainsí gaolmhara | 45.1 go 4;<br>Gníomhaíochtaí atá liostaithe san Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir 96/71/CE |
| Gníomhaíochtaí slándála | 74.60 |
| Glantachán tionsclaíoch | 74.70 |
| Altranas tí | 85.14 |
| Gníomhaíochtaí oibre sóisialta gan chóiríocht | 85.32 |

(*) NACE: feic 31990 R 3037: Rialachán (CEE) Uimh. 3037/90 ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 1990 maidir le rangú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha sa Chomhphobal Eorpach (IO L 293, 24.10.1990, lch. 1), mar atá arna leasú go deireanach le 32002 R 0029: Rialachán (CE) Uimh. 29/2000 ón gCoimisiún an 19.12.2001 (IO L 6, 10.1.2002, lch. 3).

A mhéad a mhaolaíonn an Ghearmáin nó an Ostair ar an gcéad mhír d’Airteagal 49 de Chonradh CE i gcomhréir leis na fomhíreanna roimhe seo, féadfaidh an Ungáir, tar éis fógra a thabhairt don Choimisiún, bearta coibhéiseacha a ghlacadh.

Ní bheidh de thoradh ar éifeacht an mhír seo a chur i bhfeidhm gur sriantaí na coinníollacha do ghluaiseacht shealadach oibrithe idir an Ghearmáin nó an Ostair agus an Ungáir ná na coinníollacha atá ann ar dháta sínithe an Chonartha Aontachais.

14. Ní bheidh de thoradh ar éifeacht míreanna 2 go 5 agus 7 go 12 a chur i bhfeidhm gur sriantaí na coinníollacha rochtana do náisiúnaigh na hUngáire ar mhargaí saothair na mBallstát láithreach ná na coinníollacha atá ann ar dháta sínithe an Chonartha Aontachais.

D'ainneoin chur i bhfeidhm na bhforálacha atá leagtha síos i míreanna 1 go 13, i rith aon tréimhse ina gcuirtear i bhfeidhm bearta náisiúnta nó bearta a thig ó chomhaontuithe déthaobhacha, tabharfaidh na Ballstáit láithreacha fabhar d'oibrithe is náisiúnaigh de na Ballstáit seachas oibrithe is náisiúnaigh de thríú tíortha i dtaca le rochtain ar a margadh saothair.

Oibrithe imirceacha Ungáracha agus a dteaghlaigh a bhfuil cónaí orthu agus atá ag obair go dleathach i mBallstát eile nó oibrithe imirceacha ó Bhallstáit eile agus a dteaghlaigh a bhfuil cónaí orthu agus atá ag obair go dleathach san Ungáir, ní chuirfear cóir níos sriantaí orthu ná mar a chuirtear ar oibrithe imirceacha agus a dteaghlaigh ó thríú tíortha a bhfuil cónaí orthu agus atá ag obair sa Bhallstát sin nó san Ungáir faoi seach. Ina theannta sin, agus prionsabal an fhabhair Chomhphobail á chur i bhfeidhm, ní chuirfear cóir níos fabhraí ar oibrithe imirceacha ó thríú tíortha a bhfuil cónaí orthu agus atá ag obair san Ungáir ná mar a chuirtear ar náisiúnaigh na hUngáire.

## 2. SAOIRSE SEIRBHÍSÍ A SHOLÁTHAR

1. 31997 L 0009: Treoir 97/9/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Márta 1997 maidir le scéimeanna cúitimh d'infheisteoirí (IO L 84, 26.3.1997lch. 22).

De mhaolú ar Airteagal 4(1) de Threoir 97/9/CE, ní bheidh feidhm ag an íosleibhéal cúitimh san Ungáir go dtí an 31 Nollaig 2007. Áiritheoidh an Ungáir go bhforálfaidh a scéim chúitimh d'infheisteoirí do chumhdach nach lú ná EUR 3 783 go dtí an 31 Nollaig 2005 agus do chumhdach nach lú ná EUR 7 565 ón 1 Eanáir 2006 go dtí an 31 Nollaig 2007.

Le linn na hidirthréimhse, coinneoidh na Ballstáit eile an ceart acu féin cosc a chur le brainse de ghnólacht Ungárach infheistíochta atá bunaithe ar a gcríocha oibriú muna bhfuil, agus go dtí go bhfuil, brainse den sórt sin tar éis dul isteach i scéim chúitimh d'infheisteoirí laistigh de chríocha an Bhallstáit i dtrácht atá aitheanta go hoifigiúil d’fhonn an difear idir an leibhéal Ungárach cúitimh agus an t-íosleibhéal dá dtagraítear in Airteagal 4(1) a chumhdach.

Go dtí an 31 Nollaig 2007, ní fhéadfaidh an leibhéal cúitimh arna soláthar san Ungáir ag gnólacht infheistíochta ó Bhallstát eile dul thar na íosleibhéal cúitimh dá dtagraítear in Airteagal 4(1) de Threoir 97/9/CE. Le linn na tréimhse céanna, ní fhéadfaidh réim an chumhdaigh arna soláthar san Ungáir ag gnólacht infheistíochta ó Bhallstát eile dul thar an réim arna soláthar ag an scéim chomhfhreagrach chúitimh san Ungáir.

2. 32000 L 0012: Treoir 2000/12/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Márta 2000 maidir le gabháil le gnó institiúidí creidmheasa agus lena shaothrú (IO L 126, 26.5.2000, lch. 1), mar atá arna leasú le:

– 32000 L 0028: Treoir 2000/28/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18.9.2000 (IO L 275, 27.10.2000, lch. 37).

I dtaca le hAirteagal 5 de Threoir 2000/12/CE, ní bheidh feidhm go dtí an 31 Nollaig 2007 ag an gceanglas caipitil thosaigh atá leagtha síos i mír 2 maidir le hinstitiúidí comhair chreidmheasa atá bunaithe cheana san Ungáir ar dháta an aontachais. Áiritheoidh an Ungáir nach lú a ceanglas caipitil thosaigh i leith institiúidí comhair chreidmheasa ná EUR 378.200 go dtí an 31 Nollaig 2006 agus nach lú ná EUR 756.500 ón 1 Eanáir 2007 go dtí an 31 Nollaig 2007 é.

I rith na hidirthréimhse, de bhun Airteagal 5(4), ní fhéadfaidh gur lú cistí dílse na ngnóthas sin ná an leibhéal is airde arna ghnóthú le héifeacht ó dháta an aontachais.

3. SAORGHLUAISEACHT CHAIPITIL

An Conradh ar an Aontas Eorpach;

An Conradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh.

1. D'ainneoin na n-oibleagáidí faoi na Conarthaí ar a bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe, féadfaidh an Ungáir na srianta arna leagan síos ina reachtaíocht atá ann tráth sínithe na hIonstraime seo maidir le háiteanna cónaithe tánaisteacha a fháil a choimeád ar bun go ceann cúig bliana ó dháta an aontachais.

Náisiúnaigh de na Ballstáit agus náisiúnaigh de na Stáit is páirtithe sa Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch a raibh cónaí orthu go dleathach san Ungáir ar feadh ceithre bliana leanúnacha ar a laghad, ní bheidh siad faoi réir fhorálacha na fomhíre sin roimhe seo ná aon nósanna imeachta eile seachas nósanna imeachta a bhfuil náisiúnaigh na hUngáire faoina réir. Le linn na hidirthréimhse, cuirfidh an Ungáir nósanna imeachta údaraithe i bhfeidhm le haghaidh áiteanna cónaithe tánaisteacha a fháil arna mbunú ar chritéir atá oibiachtúil, cobhsaí, trédhearcach agus poiblí. Cuirfear na critéir sin i bhfeidhm ar dhóigh neamhidirdhealaitheach agus ní dhifreálfaidh siad idir náisiúnaigh de na Ballstáit a bhfuil cónaí orthu san Ungáir.

2. Na toirmisc arna leagan síos síos ina reachtaíocht atá ann tráth sínithe na hIonstraime seo maidir le daoine nádúrtha nach bhfuil cónaí orthu san Ungáir nó nach náisiúnaigh di iad agus daoine dlítheanacha talamh talmhaíochta a fháil, féadfaidh an Ungáir, d'ainneoin na n-oibleagáidí faoi na Conarthaí ar a bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe, iad a choimeád i bhfeidhm go ceann seacht mbliana ó dháta an aontachais. Ní fhéadfar i gcás ar bith cóir is lú fabhar ná mar a bhí ann ar dháta sínithe an Chonartha Aontachais a chur ar náisiúnaigh de na Ballstáit nó ar dhaoine dlítheanacha arna bhfoirmiú i gcomhréir le dlíthe Ballstáit eile i leith talamh talmhaíochta a fháil. Ní chuirfear ar chor ar bith cóir níos sriantaí ar náisiúnach de chuid Ballstáit ná ar náisiúnach tríú tír.

Náisiúnaigh de Bhallstát eile ar mian leo iad féin a bhunú mar fheirmeoirí féinfhostaithe agus a raibh cónaí orthu go dleathach san Ungáir, agus iad gníomhach san fheirmeoireacht, ar feadh trí bliana leanúnacha ar a laghad, ní bheidh siad faoi réir fhorálacha na fomhíre sin roimhe seo ná aon nósanna imeachta eile seachas nósanna imeachta a bhfuil náisiúnaigh na hUngáire faoina réir.

Déanfar athbhreithniú ginearálta ar na bearta idirthréimhseacha sin sa tríú bliain tar éis dháta an aontachais. Chuige sin, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid na Comhairle. Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún, a chinneadh an idirthréimhse atá sonraithe sa chéad fhomhír de phointe 2 a ghiorrú nó deireadh a chur léi.

Má chuireann an Ungáir nósanna imeachta um údarú i bhfeidhm le linn na hidirthréimhse le haghaidh talamh talmhaíochta a fháil, beidh siad bunaithe ar chritéir atá oibiachtúil, cobhsaí, trédhearcach agus poiblí. Cuirfear na critéir sin i bhfeidhm ar dhóigh neamhidirdhealaitheach agus ní dhifreálfaidh siad idir náisiúnaigh de na Ballstáit a bhfuil cónaí orthu san Ungáir.

Má tá fianaise leordhóthanach ann go mbeidh, tráth na hidirthréimhse a dhul in éag, suaitheadh tromchúiseach nó baol de ar mhargadh na hUngáire i dtalamh talmhaíochta, cinnfidh an Coimisiún, arna iarraidh sin don Ungáir, an idirthréimhse a fhadú ar feadh théimhse trí bliana ar a mhéad.

4. BEARTAS IOMAÍOCHTA

An Conradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh: Teideal VI, Caibidil 1 Rialacha Iomaíochta:

1. Scéimeanna cabhrach fioscaí 3bn agus 10bn HUF

(a) D’ainneoin Airteagail 87 agus 88 de Chonradh CE, féadfaidh an Ungáir díolúintí ó cháin chorparáideach arna ndeonú roimh an 1 Eanáir 2003 ar bhonn Airteagal 21(10) agus Airteagal 21(11) d’Acht LXXXI na bliana 1996 um Cháin Chorparáideach agus Cáin Díbhinní agus Airteagal 93 d’Acht CXXV na bliana 1999 um Bhuiséad 2000 Phoblacht na hUngáire a chur i bhfeidhm faoi na coinníollacha seo a leanas:

(i) i gcás gnóthas beag agus meánmhéide, mar atá sainithe i gcomhréir leis an sainmhíniú Comhphobail [1] de na gnóthais sin agus ar cothrom le cleachtas an Choimisiúin, go dtí an 31 Nollaig 2011 agus an dáta sin san áireamh

I gcás cumaisc, éadála nó aon imeachta chomhchosúil ina bhfuil páirt ag tairbhí de shochar cánach arna dheonú faoin reachtaíocht thuasluaite a thagann faoin mír seo (i) thuas, scoirfear den sochar ar cháin chorparáideach.

(ii) i gcás gnóthas eile, ar chuntar go n-urramaítear na teorainneacha seo a leanas ar na méideanna cabhrach arna ndeonú faoin reachtaíocht réamhluaite:

(aa) Státchabhair le haghaidh infheistíochtaí réigiúnacha:

– ní rachaidh an chabhair infheistíochta iomlán thar mhéid uasta 75% de na costais infheistíochta cáilithe, má chuir an gnóthas tús lena infheistíocht roimh an 1 Eanáir 2000. Má chuir an gnóthas tús lena infheistíocht faoin scéim i rith na mblianta 2000-2002, ní rachaidh an chabhair infheistíochta iomlán thar mhéid uasta 50% de na costais infheistíochta cháilithe;

1 Moladh 96/280/CE ón gCoimisiún an 3 Aibreán 1996 maidir le sainmhíniú ar ghnóthais bheaga agus meánmhéide (IO L 107, 30.4.1996, lch. 4).

– má tá an gnóthas gníomhach in earnáil na mótarfheithiclí [1], ní rachaidh an chabhair infheistíochta iomlán thar mhéid uasta 30% de na costais infheistíochta cháilithe, má chuir an gnóthas tús lena infheistíocht roimh an 1 Eanáir 2000. Má chuir an gnóthas tús lena infheistíocht faoin scéim i rith na mblianta 2000-2002, ní rachaidh an chabhair infheistíochta iomlán thar mhéid uasta 20% de na costais infheistíochta cáilithe;

– tosóidh an tréimhse chun an chabhair atá le háireamh faoi na huasteorainneacha 75% agus 50% thuasluaite (30% agus 25% i gcás earnáil na mótarfheithiclí) a ríomh ar an 1 Eanáir 2003; eisiafar ón ríomh gach cabhair arna héileamh agus arna fáil ar bhonn brabús roimh an dáta sin;

– ní bheidh sé de cheanglas an chabhair a aisíoc má chuaigh an gnóthas cheana thar na huasteorainneacha ar dháta an aontachais;

– chun an chabhair iomlán a ríomh, cuirfear san áireamh gach cabhair arna deonú don tairbhí i ndáil le costais cháilithe, lena n-áirítear cabhair arna deonú faoi scéimeanna eile, is cuma an foinsí áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta nó Comhphobail a dheonaigh an chabhair;

– saineofar costais cháilithe ar bhonn na gcritéar a thig ó na rialacha Comhphobail is infheidhme maidir leis an gcabhair réigiúnach infheistíochta;

---

**1** De réir bhrí Iarscríbhinn C den Chlár réime ilearnálach Comhphobail maidir le cabhair réigiúnach do mhórthionscadail infheistíochta: clár réime do státchabhair le haghaidh thionscal na mótarfheithiclí (IO C 70, 19.3.2002, lch. 8).

– is iad na costais cháilithe a fhéadfar a chur san áireamh na costais arna dtabhú idir an 1 Eanáir 1997 agus an 31 Nollaig 2005 faoi théarmaí cláir arna ghlacadh go foirmiúil ag an gcuideachta tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2002 agus arna chur in iúl d'Aireacht Airgeadais Phoblacht na hUngáire faoi cheann an 31 Eanáir 2003.

(bb) státchabhair d'oiliúint, taighde agus forbairt, fostaíocht agus infheistíocht chomhshaoil

– ní rachaidh an chabhair thar na huasteorainneacha ábhartha déine cabhrach is infheidhme ar an 1 Eanáir maidir le cuspóirí cabhrach den sórt sin de bhun Airteagail 87 agus 88 de Chonradh CE;

– tosóidh an tréimhse chun cabhair atá le háireamh faoi na huasteorainneacha is infheidhme a ríomh ar an 1 Eanáir 2003; eiseofar ón ríomh gach cabhair arna héileamh agus arna fáil ar bhonn brabús roimh an dáta sin;

– ní bheidh sé de cheanglas an chabhair a aisíoc má chuaigh an gnóthas cheana thar na huasteorainneacha ar dháta an aontachais;

– chun an chabhair iomlán a ríomh, cuirfear san áireamh gach cabhair arna deonú don tairbhí i ndaíl le costais cháilithe, lena n-áirítear cabhair arna deonú faoi scéimeanna eile, is cuma an foinsí áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta nó Comhphobail a dheonaigh an chabhair;

– saineofar costais cháilithe ar bhonn na gcritéar Comhphobail a thig ó na rialacha Comhphobail is infheidhme ar an 1 Eanáir 2003 maidir leis an gcuspóir i dtrácht;

– is iad na costais cháilithe is féidir a chur san áireamh na costais arna dtabhú idir an 1 Eanáir 1997 agus an 31 Nollaig 2005 faoi théarmaí cláir arna ghlacadh go foirmiúil ag an gcuideachta tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2002 agus arna cur in iúl d'Aireacht Airgeadais Phoblacht na hUngáire faoi cheann an 31 Eanáir 2003.

(cc) I gcás go ndéanann an tairbhí infheistiú i dtaca le bonneagar poiblí, déanfar an chabhair a theorannú go 100% de na costais a tabhaíodh go dtí an 31 Nollaig 2002, agus an dáta sin san áireamh.

Ní thiocfaidh na socruithe idirthréimhseacha atá leagtha amach sa mhír seo i bhfeidhm mura mbeidh an coinníollacha atá leagtha amach thuas comhallta.

(b) Aon chabhair arna deonú faoin reachtaíocht thuasluaite nár cuireadh ag comhlíonadh na gcoinníollacha atá leagtha amach i mír (a) faoi cheann dháta an aontachais, measfar gur cabhair nua í de bhun an tsásra chabhrach atá ann atá leagtha síos in Iarscríbhinn IV, aibidil 4 maidir le Beartas Iomaíochta, a ghabhann leis an Ionstraim seo.

(c) Soláthróidh an Ungáir don Choimisiún:

– dhá mhí tar éis dháta an aontachais, faisnéis faoi na coinníollacha atá leagtha amach i mír (a) a chomhall;

– faoi cheann dheireadh Meithimh 2006, faisnéis faoi na costais infheistíochta cáilithe arna dtabhú iarbhír ag na tairbhithe faoin reachtaíocht réamhluaite agus faoi na méideanna iomlána cabhrach arna bhfáil ag na tairbhithe.

2. Scéim eischósta

(a) D'ainneoin Airteagail 87 agus 88 de Chonradh CE, féadfaidh an Ungáir laghduithe ar cháin chorparáideach arna ndeonú ar bhonn an Airteagail 4.28 agus 19(2) d'Acht LXXXI um Cháin Chorparáideach agus Cáin Díbhinní a chur i bhfeidhm go dtí an 31 Nollaig 2005, agus an dáta sin san áireamh:

(b) I gcás cumaisc, éadála nó aon imeachta chomchosúil ina bhfuil páirt ag tairbhí laghdú ar cháin arna deonú faoin reachtaíocht thuasluaite a thagann faoi (a) thuas, scoirfear den laghdú ar cháin chorparáideach.

3. Cabhair fhioscach ó údaráis áitiúla

(a) Laghduithe ar cháin údarás áitiúil i dtaca le suas le 2% de ghlanfháltais gnóthas mar atá arna ndeonú ar feadh tréimhse teoranta ag údaráis áitiúla ar bhonn Airteagail 6 agus 7 d'Acht C na bliana 1990 um Chánacha Áitiúla, mar atá arna leasú le hAirteagal 79(1) agus (2) d'Acht L na bliana 2001 um Dhlíthe Airgeadais a Leasú, mar atá arna leasú le hAirteagal 158 d'Acht XLII na bliana 2002 um Chánacha, Ranníocaíochtaí agus Íocaíochtaí Buiséadachta Eile a Leasú, féadfaidh an Ungáir, d'ainneoin Airteagail 87 agus 88 de Chonradh CE, iad a chur i bhfeidhm go dtí an 31 Nollaig 2007, agus an dáta sin san áireamh, .

(b) Gnóthais a thairbhíonn d'Airteagal 21(7), (10) nó (11) d'Acht LXXXI na bliana 1996 um Cháin Chorparáideach agus Cáin Díbhinní nó d'Airteagal 93 d'Acht CXXV na bliana 1999 um Bhuiséad 2000 Phoblacht na hUngáire nó de scéimeanna cabhrach nach bhfuil ag luí le hAirteagail 87 agus 88 de Chonradh CE, ní bheidh siad i dteideal na socruithe idirthréimhseacha faoi (a) thuas.

5. TALMHAÍOCHT

A. REACHTAÍOCHT TALMHAÍOCHTA

1. 31997 R 2597 Rialachán (CEE) Uimh. 2597/97 ón gComhairle 18 Nollaig 1997 ag leagan síos rialacha breise maidir le comheagraíocht an mhargaidh i mbainne agus táirgí bainne lena n-ól (IO L 351, 23.12.1997, lch. 13), mar atá arna leasú go deireanach le:

– 31999 R 1602: Rialachán (CE) Uimh. 1602/1999 ón gComhairle an 19.7.1999 (IO L 189, 22.7.1999, lch. 43).

De mhaolú ar Airteagal 3(1)(b) de Rialachán (CEE) Uimh. 2597/97, ní bheidh feidhm ar feadh tréimhse cúig bliana ó dháta an aontachais ag na ceanglais a bhaineann le cion saille maidir le bainne le hól arna tháirgeadh san Ungáir, sa mhéid go bhféadfaidh an Ungáir bainne a bhfuil cion saille 2,8% (m/m) aige a mhargú mar bhainne le hól. Ní fhéadfar bainne le hól nach gcomhlíonann na ceanglais a bhaineann le cion saille a mhargú ach amháin san Ungáir nó féadfar é a onnmhairiú go tríú tír.

2. 31999 R 1493: Rialachán (CEE) Uimh. 1493/1999 ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le comheagraíocht an fhíonmhargaidh (IO L 179, 14.7.1999, lch. 1), mar atá arna leasú go deireanach le:

– 32001 R 2585: Rialachán (CE) Uimh. 2585/2001 ón gComhairle an 19.12.2001 (IO L 345, 29.12.2001, lch. 10),

De mhaolú ar Iarscríbhinn V C(2)(d) de Rialachán (CE) Uimh. 1493/1999, le linn tréimhse deich mbliana ó dháta an aontachais, ceadófar neart íosta nádúrtha alcóil 7,7% de réir toirte i gcás fíonta boird i ngach limistéar fíona san Ungáir.

3. 32002 R 0753: Rialachán (CE) Uimh. 753/2002 ón gCoimisiún an 29 Aibreán 2002 ag leagan síos rialacha mionsonraithe chur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh 1493/1999 maidir le táirgí áirithe d'earnáil an fhíona a shainmhíniú, a thuairisciú, a thíolacadh agus a chosaint (IO L 118, 4.5.2002, lch. 1).

De mhaolú ar Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 735/2002, ceadófar an t-ainm "Rizlingszilváni" a úsáid mar chomhchiallach leis an gcineál "Müller Thurgau" go dtí an 31 Nollaig 2008 i gcás fíonta arna dtáirgeadh san Ungáir agus arna margú go heisiach san Ungáir.

B. REACHTAÍOCHT TRÉIDLIACHTA

1. 31964 L 0433: Treoir 64/433/CEE ón gComhairle an 26 Meitheamh 1964 maidir le coinníollacha sláinte chun feoil úr a tháirgeadh agus a mhargú (IO P 121, 29.7.1964, lch. 2012 agus arna leasú agus arna comhdhlúthú iardain in IO L 268, 29.6.1991, lch. 71), mar atá arna leasú go deireanach le:

– 31995 L 0023: Treoir 95/23/CE ón gComhairle an 22.6.1995 (IO L 243, 11.10.1995, lch. 7).

(a) Ní bheidh feidhm ag na ceanglais struchtúracha atá leagtha síos in Iarscríbhinní A, B agus C a ghabhann le Treoir 64/433/CEE, maidir le bunaíochtaí san Ungáir atá liostaithe i bhFoscríbhinn A a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo go dtí an 31 Nollaig 2006, faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha síos thíos.

(b) Fad a thairbhíonn na bunaíochtaí dá dtagraítear i mír (a) thuas d'fhorálacha na míre sin, ní chuirfear táirgí de thionscnamh na mbunaíochtaí sin ach ar an margadh náisiúnta amhaín nó ní úsáidfear iad ach do phróiseáil bhreise sa bhunaíocht chéanna, gan spleáchas don dáta margaíochta. Ní foláir marc speisialta sláinte a bheith ar na táirgí sin.

Tá feidhm ag an bhfomhír sin roimhe seo maidir leis na táirgí go léir de thionscnamh bunaíochtaí iomlánaithe feola nuair atá cuid den bhunaíocht faoi réir fhorálacha mhír (a).

(c) Áiritheoidh an Ungáir go gcomhlíonfar de réir a chéile na ceanglais struchtúracha dá dtagraítear i mír (a) i gcomhréir leis na teorainneacha ama atá leagtha amach i bhFoscríbhinn A a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo chun na heasnaimh atá ann a cheartú. Áiritheoidh an Ungáir gurb iad na bunaíochtaí a chomhlíonann na ceanglais sin go hiomlán faoi cheann an 31 Nollaig 2006, agus iad sin amháin, a leanfaidh de bheith ag oibriú. Déanfaidh an Ungáir tuarascálacha bliantúla a thíolacadh don Choimisiún maidir leis an dul chun cinn i ngach ceann de na bunaíochtaí atá liostaithe i bhFoscríbhinn A a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo lena n-áirítear liosta de na bunaíochtaí atá tar éis na heasnaimh atá ann a cheartú.

(d) Féadfaidh an Coimisiún Foscríbhinn A a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo dá dtagraítear i mír (a) a thabhairt suas chun dáta roimh an aontachas agus go dtí an 31 Nollaig 2005, agus sa chomhthéacs sin féadfaidh sé bunaíochtaí leithleacha a chur léi go feadh méid theoranta nó a scriosadh, i bhfianaise an dul chun cinn arna dhéanamh maidir le heasnaimh atá ann a cheartú agus i bhfianaise thoradh an phróisis faireacháin.

Glacfar rialacha mionsonraithe cur chun feidhme chun oibriú rianúil an chórais idirthréimhsigh thuas a áirithiú i gcomhréir le hAirteagal 16 de Threoir 64/433/CEE.

2. 31999 L 0074: Treoir 1999/74/CE ón gComhairle an 19 Iúil 1999 ag leagan síos caighdeáin íosta chun béaróga a chosaint (IO L 203, 3.8.1999, lch. 53).

Go dtí an 31 Nollaig 2009, féadfaidh bunaíochtaí san Ungáir atá liostaithe in bhFoscríbhinn A a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo cásanna nach gcomhlíonann na ceanglais íosta atá leagtha síos in Airteagal 5(1)(5) de Threoir 1999/74/CE a choimeád in úsáid, ar chuntar gur cuireadh i seirbhís iad tráth anch déanaí ná an 1 Iuíl 1999 agus go bhfuil acu airde 36 cm ar a laghad ar fud 65% ar a laghad d’achar an cháis agus nach lú a n-airde ná 33 cm ag aon phointe.

6. BEARTAS IOMPAIR

1. 31991 L 0440: Treoir 91/440/CEE ón gComhairle an 29 Iúil 1991 maidir le forbairt iarnróid an Chomhphobail (IO L 237, 24.8.1991, lch. 25), mar atá arna leasú go deireanach le:

– 32001 L 0012: Treoir 2001/12/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26.2.2001 (IO L 75, 15.3.2001, lch. 1).

Ní bheidh feidhm ag Airteagal 10(3) de Threoir 91/440/CEE ón gComhairle san Ungáir go dtí an 31 Nollaig 2006 ach amháin faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:

– comhoibreoidh Magyar Államvasutak Rt. (MÁV) le gnóthais iarnród chun iompar idirnáisiúnta lasta d'iarnród a sholáthar ar dhóigh neamhidirdhealaitheach le haghaidh allmhairí, onnmhairí agus idirthurais tríd an Ungáir. Déanfar na cearta rochtana atá leagtha amach in Airteagal 10(1) agus (2) den Treoir a dheonú gan teorainn;

– déanfar 20% ar a laghad de chumas an Ghréasáin Thraseorpaigh d'Iompar Lasta d'Iarnród san Ungáir a chur in áirithe do ghnóthais iarnróid seachas MÁV agus ceadóidh na cinnaistir thionscnaimh amanna turais is inchomórtais leo siúd dá dtairbhíonn MÁV. Sonróidh an bainisteoir bonneagair cumas iarbhír gach líne iarnróid sa ráiteas gréasáin. Folaíonn an 20% thuas den chumas foriomlán bliantúil na cearta rochtana atá leagtha amach in Airteagal 10(1), (2) agus (3) de Threoir 91/440/CEE.

2. 31992 L 0014: Treoir ón gComhairle 92/14/CEE an 2 Márta 1992 maidir le teorannú oibríochtaí de chuid eitleán arna bhfolú ag Cuid II, Caibidil 2, Imleabhar 1 d'Iarscríbhinn 16 a ghabhann leis an gCoinbhinsiún ar Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta, an dara heagrán (1988) (IO L 76, 23.3.1992, lch. 21), mar atá arna leasú go deireanach le:

– 32001 R 0991: Rialachán (CE) Uimh. 991/2001 ón gCoimisiún an 21.5.2001 (IO L 138, 22.5.2001, lch. 12).

De mhaolú ar Airteagal 2(2) de Threoir 92/14/CEE, ní bheidh feidhm san Ungáir go dtí an 31 Nollaig 2004 ag na coinníollacha atá leagtha síos sa Treoir sin i leith eitleáin atá ar chlár na hAsarbaiseáine, na Casacstáine, na Moldóive, Chónaidhm na Rúise, na Tuircméanastáine agus na hÚcráine agus atá á n-oibriú ag daoine nádúrtha nó dlítheanacha arna mbunú iontu.

3. 31993 R 3118: Rialachán (CEE) Uimh. 3118/93 ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 1993 ag leagan síos na gcoinníollacha faoina bhféadfaidh carraeirí neamhchónaitheacha seirbhísí náisiúnta iompair tharlaithe de bhóthar a oibriú laistigh de Bhallstát (IO L 279, 12.11.1993, lch. 1), mar atá arna leasú go deireanach le:

– 32002 R 0484: Rialachán (CE) Uimh. 484/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 1.3.2002 (IO L 76, 19.3.2002, lch. 1).

(a) De mhaolú ar Airteagal 1 de Rialachán (CEE) Uimh. 3118/93 agus go dtí deireadh an tríú bliain tar éis dháta an aontachais, eisiafar carraeirí arna mbunú san Ungáir ó sheirbhísí náisiúnta tarlaithe de bhóthar a oibriú sna Ballstáit eile agus eisiafar carraeirí arna mbunú sna Ballstáit eile ó sheirbhísí náisiúnta tarlaithe de bhóthar a oibriú san Ungáir.

(b) Roimh dheireadh an tríú bliain tar éis dháta an aontachais, tabharfaidh Ballstáit fógra don Choimisiún á rá an bhfadóidh siad an tréimhse seo ar feadh dhá bhliain ar a mhéid nó an gcuirfidh siad Airteagal 1 den Rialachán i bhfeidhm go hiomlán feasta. Cheal fógra den sórt sin, beidh feidhm ag Airteagal 1 den Rialachán. Carraeirí arna mbunú sna Ballstáit sin ina bhfuil feidhm ag Airteagal 1 den Rialachán, is iad amháin a fhéadfaidh seirbhísí tarlaithe náisiúnta de bhóthar a oibriú sna Ballstáit eile sin ina bhfuil feidhm freisin ag Airteagal 1 den Rialachán.

(c) Na Ballstáit ina bhfuil feidhm, de bhua mhír (b) thuas, ag Airteagal 1 den Rialachán, féadfaidh siad dul ar iontaoibh an nós imeachta atá leagtha amach thíos go dtí deireadh an cúigiú bliain tar éis an dáta aontachais.

Nuair atá suaitheadh ar mhargadh náisiúnta de chuid Ballstát dá dtagraítear san fhomhír sin roimhe seo nó ar chodanna de de bharr cabatáiste nó arna ghéarú aige, ar nós farasbarr soláthair thar éileamh nó bagairt do chobhsaíocht airgeadais nó marthanas líon suntasach gnóthas tarlaithe de bhóthar, cuirfidh an Ballstát sin an Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas faoi agus déanfaidh sé na sonraí uile ábhartha a sholáthar dóibh. Ar bhonn na faisnéise sin, féadfaidh an Ballstát sin a iarraidh ar an gCoimisiún cur i bhfeidhm Airteagal 1 den Rialachán a fhionraí go hiomlán nó go páirteach, d'fhonn an staid a athbhunú ina gnáthriocht.

Scrúdóidh an Coimisiún an staid ar bhonn na sonraí arna soláthar ag an mBallstát i dtrácht agus cinnfidh sé laistigh de mhí ón iarraidh a fháil an gá bearta coimirce a ghlacadh. Beidh feidhm ag an nós imeachta atá leagtha síos sa dara fomhír, sa tríú fomhír agus sa cheathrú fomhír de mhír 3 agus i míreanna 4, 5 agus 6 d'Airteagal 7 den Rialachán.

I gcásanna práinneacha agus eisceachtúla, féadfaidh Ballstát dá dtagraítear sa chéad fhomhír thuas cur i bhfeidhm Airteagal 1 den Rialachán a fhionraí, agus fógra réasúnaithe ex-post a thabhairt don Choimisiún ina dhiaidh sin.

(d) Fad nach gcuirtear Airteagal 1 den Rialachán i bhfeidhm de bhua mhíreanna (a) agus (b) thuas, féadfaidh Ballstáit rochtain ar a seirbhísí náisúnta tarlaithe de bhóthar a rialú trí údaruithe cabatáiste a mhalartú go comhleanúnach ar bhonn comhaontuithe déthaobhacha. Féadfaidh caoi an léirscaoilte iomláin a bheith san áireamh.

(e) Ní fhéadfaidh rochtain níos sriantaí ar sheirbhísí náisúnta tarlaithe de bhóthar ná mar atá ann ar dháta sínithe an Chonartha Aontachais leanúint ó éifeacht míreanna (a) go (c) a chur i bhfeidhm.

4. 31996 L 0053: Treoir 96/53/CE ón gComhairle an 25 Iúil 1996 ag leagan síos toisí údaraithe uasta sa trácht náisiúnta agus idirnáisiúnta agus meáchan údaraithe uasta sa trácht idirnáisiúnta le haghaidh feithiclí bóthair áirithe ag gluaiseacht laistigh den Chomhphobal (IO L 235, 17.9.1996, lch. 59), mar atá arna leasú go deireanach le

– 32002 L 0007: Treoir 2002/7/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18.2.2002 (IO L 67, 9.3.2002, lch. 47).

De mhaolú ar Airteagal 3(1) de Threoir 96/53/CE, ní fhéadfaidh feithiclí a chomhlíonann na luachanna teorantacha d’aicme 3.2.1, 3.4.1, 3.4.2, 3.5.1, agus 3.5.3 atá sonraithe in Iarscríbhínn I a ghabhann leis an Treoir sin ach na codanna neamh-uasghrádaithe de ghréasán bóithre na hUngáire a úsáid go dtí an 31 Nollaig 2008 má chomhlíonann siad teorainneacha Ungáracha ar ualach acastóirí.

Cloífidh an Ungáir lena hamchlár le haghaidh a príomhghréasán idirthurais a uasghrádú, mar atá leagtha amach sa tábla táscach thíos. Áiritheoidh aon infheistíochtaí sa bhonneagar lena ngabhann úsáid cistí ó bhuiséad an Chomhphobail go ndéanfar na hartairí a thógáil nó a uasghrádú go dtí cumas ualachiompartha de 11,5 tona in aghaidh an acastóra. I dteannta leis an uasghrádú a chríochnú, déanfar gréasán bóithre na hUngáire a oscailt go comhleanúnach do fheithiclí sa trácht idirnáisiúnta a chomhlíonann luachanna teorantacha na Treorach.

Déanfar muirir shealadacha breise a thobhach ar dhóigh neamhidirdhealaitheach ar úsáid na gcodanna neamh-uasghrádaithe den ghréasán ag feithiclí sa trácht idirnáisiúnta a chomhlíonann luachanna teorantacha na Treorach. Feithiclí ar mó a n-ualach acastóra ná an teorainn Ungárach de 10 tona i gcás feithiclí a bhfuil córais aerchrochta acu agus de 11 tona i gcás feithiclí nach bhfuil sin acu, gheobhaidh siad cead bealaigh Ungárach chun a áirithiú go seachnófaí struchtúir bhóthair agus droichid áirithe. Glacfaidh an Ungáir le diallas de 0,5 tona agus ualach acastóra d’fheithiclí a bhfuil córais aerchrochta acu á dtomhas agus ní fhorchuirfidh sí muirir shealadacha breise ach amháin má théann an t-ualach acastóra thar 11,5 tona.

Ní dhéanfar muirir shealadacha breise a thobhach ar fheithiclí a chomhlíonann luachanna teorantacha na Treorach agus na príomhbhóithre idirthurais seo a leanas á n-úsáid acu:

– bealach idirthurais Hegyeshalom/Nagylak (Conair Phaineorpach IV): eadhon E60 ó theorainn na hOstaire go Hegyeshalom agus Búdaipeist, E60 seachbhóthar theas Bhúdaipeist, E75 ó Bhúdapeist go Kiskunfélegyháza;

– bealach idirthurais Hegyeshalom/Nagylak (Conair Phaineorpach IV): eadhon E65 ó theorainn na Slóvaice go Hegyeshalom agus Búdaipeist, E60 seachbhóthar theas Bhúdaipeist, E75 ó Bhúdaipeist go Kiskunfélegyháza;

– bealach idirthurais Hegyeshalom/Nagylak (Conairí Paineorpacha IV agus IV): eadhon ó Siófok agus Búdaipeist, E60 seachbhóthar theas Bhúdaipeist, E75 ó Bhúdaipeist go Kiskunfélegyháza;

– bealach idirthurais Hegyeshalom/Röszke (Conairí Paineorpacha IV agus X): eadhon E60 ó theorainn na hOstaire go Hegyeshalom agus Búdaipeist, E60 seachbhóthar theas Bhúdaipeist, E75 ó Bhúdaipeist go Kiskunfélegyháza;

– bealach idirthurais Rajka/Röszke (Conairí Paineorpach IV agus X): eadhon E65 ó theorainn na Slóvaice go Rajka agus Hegyeshalom, E60 ó Hegyeshalom go Búdaipeist, E60 seachbhóthar theas Bhúdaipeist, E75 ó Bhúdapeist go Kiskunfélegyháza;

Clár uasghrádaithe bóithre km

| Gréasán príomhbhóithre | 2001 | 2002 | 2003 | 2004 | 2005 | 2006 | Iomlán | | 2007 | 2008 | Iomlán (2007-2008) | Iomlán (2001-2008) |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Neartú bóithre arna sonrú sa léarscáil in Iarscríbhinn 2 i CONF-H 37/00 (Bóthar 2, 3, 4, 6, 8, 33, 35, 42, 44, 47, 56, 61) | | 78 | 126 | 270 | 270 | 270 | 1014 | | | | | 1014 |
| Neartú (Bóthar 41, 49, 51, 58) | | | | 51 | 65 | 69 | 185 | Neartú (Bóthar 74, 87, 86, 58) | 100 | 100 | 200 | 385 |
| Neartú (bóithre eile) | 30 | 50 | 70 | 70 | 70 | 70 | 360 | Neartú (bóithre eile) | 70 | 70 | 140 | 500 |
| Tógáil nua (seachbhóithre go príomha) | 29 | 49 | 45 | 27 | 35 | 61 | 246 | Tógáil nua (seachbhóithre go príomha) | 60 | 60 | 120 | 366 |
| | | | | | | | | | | | | |
| Iomlán príomhbhóithre | 59 | 177 | 241 | 418 | 440 | 470 | 1805 | | 230 | 230 | 460 | 2265 |
| | | | | | | | | | | | | |
| Gréasán mótarbhealaí agus luasbhealaí | | | | | | | | | | | | |
| Tógáil nua (M0, M3, M5, M7, M30, M35, M43, M70) | | 65 | 24 | 20 | 237 | 85 | 431 | Tógáil nua (M6-56, M7, M8, M0) | 177 | 165 | 342 | 773 |
| Iomlán | 59 | 242 | 265 | 438 | 677 | 555 | 2236 | | 407 | 395 | 802 | 3038 |

## 7. CÁNACHAS

1. 31977 L 0388: Séú Treoir 77/388/CEE ón gComhairle an 17 Bealtaine 1977 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le cánacha láimhdeachais - Comhchóras cánach breisluacha: aonbhonn measúnachta (IO L 145, 13.6.1977, lch. 1), mar atá arna leasú go deireanach le:

– 32002 L 0038: Treoir 2002/38/CE ón gComhairle an 7.5.2002 (IO L 128, 15.5.2002, lch. 41).

(a) De mhaolú ar fhorálacha Rialachán (CEE) Uimh. 12/77, féadfaidh an Ungáir an méid seo a leanas a choimeád ar bun:

(i) ráta laghdaithe cánach breisluacha nach lú ná 12% a choimeád ar bun maidir le soláthar guail, gual-bhríce agus cóic, connaidh agus gualaigh, agus ar sholáthar seirbhísí téimh cheantair go dtí an 31 Nollaig 2007, agus

(ii) ráta laghdaithe cánach bhreisluacha nach lú ná 12% a choimeád ar bun go dtí an 31 Nollaig 2007 nó go dtí deireadh na hidirthréimhse dá dtagraítear in Airteagal 28l den Treoir, cibé acu is túisce, maidir le soláthar seirbhísí bialainne agus ábhar beatha arna ndíol in áitribh dá samhail,

(b) Gan dochar do chinneadh foirmiúil atá le glacadh i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha amach in Airteagal 12(3)(b) de Threoir 77/388/CEE, féadfaidh an Ungáir ráta laghdaithe cánach breisluacha nach lú ná 5% a choimeád ar bun maidir le soláthar gáis nádúrtha agus leictreachais go ceann bliana tar éis dháta an aontachais;

(c) D'fhonn Airteagal 28(3)(b) de Threoir 77/388/CEE a chur i bhfeidhm, féadfaidh an Ungáir díolúine ó cháin bhreisluacha a choimeád ar bun freisin maidir le hiompar idirnáisiúnta paisinéirí dá dtagraítear i bpointe 17 d'Iarscríbhinn F den Treoir go dtí go gcomhalltar an coinníoll atá leagtha amach in Airteagal 28(4) den Treoir nó fad a chuireann aon cheann de na Ballstáit láithreacha an díolúine chéanna i bhfeidhm, cibé acu is túisce.

2. 31992 L 0079: Treoir 92/79/CEE ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 1992 maidir le cánacha ar thoitíní a chomhfhogasú (IO L 316, 31.10.1992, lch. 8), mar atá arna leasú go deireanach le

– 32002 L 0010: Treoir 2002/10/CE ón gComhairle an 12.2.2002 (IO L 46, 16.2.2002, lch. 26).

De mhaolú ar Airteagal 2(1) de Threoir 92/79/ CEE, féadfaidh an Ungáir cur i bhfeidhm na dleachta máil foriomláine íosta ar an bpraghas miondíola (lena n-áirítear gach cáin) do thoitíní san aicme phraghais is mó éileamh a chur siar go dtí an 31 Nollaig 2008, ar chuntar go ndéanann an Ungáir a rátaí dleachta máil a choigeartú de réir a chéile i rith na tréimhse sin ionsar an dleacht mháil foriomlán íosta dá bhforáiltear sa Treoir.

Gan dochar d'Airteagal 8 de Threoir 92/12/CEE ón gComhairle maidir leis na socruithe ginearálta do tháirgí atá faoi réir dleachta máil agus ar tháirgí den sórt sin a shealbhú agus a bhogadh agus faireachán a dhéanamh orthu [1] agus tar éis an Coimisiún a chur ar an eolas, féadfaidh Ballstáit, fad atá feidhm ag an maolú thuas, na teorainneacha cainníochtúla céanna a choimeád ar bun do thoitíní a fhéadtar a bhreith isteach ina gcríocha ón Ungáir gan breis dleachta máil a íoc is a chuirtear i bhfeidhm ar allmhairí ó thríú tíortha. Féadfaidh Ballstáit a bhaineann leas as an gcaoi seo na seiceálacha is gá a dhéanamh ar chuntar nach ndéanann na seiceálacha sin difear d'oibriú cuí an mhargaidh inmheánaigh.

[1] IO L 76, 23.3.1992, lch.1. Treoir mar atá arna leasú go deireanach le Treoir 2000/47/CE. (IO L 193, 29.7.2000, lch. 73).

8. COMHSHAOL

A. BAINISTÍOCHT DRAMHAÍOLA

1. 31993 R 0259: Rialachán (CEE) Uimh. 259/93 ón gComhairle an 1 Feabhra 1993 maidir le loingsiú dramhaíola a mhaoirsiú agus a rialú laistigh den Chomhphobal Eorpach agus isteach ann agus amach as (IO L 30, 6.2.1993, lch. 1), mar atá arna leasú go deireanach le:

– 32001 R 2557: Rialachán (CE) Uimh. 2557/2001 ón gCoimisiún an 28.12.2001 (IO L 349, 31.12.2001, lch. 1).

(a) Go dtí an 30 Meitheamh 2005, cuirfear in iúl do na húdaráis inniúla gach loingsiú dramhaíola chuig an Ungáir lena hathghabháil atá liostaithe in Iarscríbhinní II, III agus IV a ghabhann le Rialachán (CEE) 259/93 agus loingsithe dramhaíola nach bhfuil liostaithe sna hIarscríbhinní sin agus próiseálfar iad ar cothrom le hAirteagail 6, 7 agus 8 den Rialachán.

(b) De mhaolú ar Airteagal 7(4) de Rialachán (CEE) 259/93, déanfaidh na húdaráis inniúla agóid i gcoinne loingsithe dramhaíola lena hathghabháil atá liostaithe in Iarscríbhinní II, III agus IV a ghabhann leis an Rialachán agus i gcoinne loingsithe dramhaíola lena hathghabháil nach bhfuil liostaithe sna hIarscríbhinní sin arb é a gceann scríbe áis a thairbhíonn de mhaolú sealadach ar fhorálacha áirithe de Threoracha 94/67/CE [1] maidir le dramhaíl chontúirteach a loscadh agus 2001/80/CE [2] maidir le hastaíochtaí truailleán áirithe san aer ó ollghléasraí dócháin a theorannú, le linn na tréimhse ina gcuirtear an maolú sealadach i bhfeidhm maidir leis an áis chinn scríbe.

[1] IO L 365, 31.12.1994, lch. 34.
[2] IO L 309, 27.11.2001, lch. 1.

2. 31994 L 0062: Treoir 94/62/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 1994 maidir le pacáistiú agus dramhaíl pacáistithe (IO L 365, 31.12.1994, lch. 10).

(a) De mhaolú ar Airteagal 6(1)(a) agus (b) de Threoir 94/62/CE, bainfidh an Ungáir amach na spriocanna athghabhála agus athchúrsála do na hábhair pacáistithe seo a leanas faoi cheann an 31 Nollaig 2005 i gcomhréir leis na spriocanna idirmheánacha seo a leanas:

– plaistigh a athchúrsáil: 11% de réir meáchain faoi cheann dháta an aontachais agus 14% faoi cheann 2004;

– gloine a athchúrsáil: 14% de réir meáchain faoi cheann dháta an aontachais agus 15% faoi cheann 2004;

– ráta foriomlán athghabhála: 40% de réir meáchain faoi cheann dháta an aontachais agus 43% faoi cheann 2004.

(b) De mhaolú ar Airteagal 6(1)(b) de Threoir 94/62/CE, féadfaidh an Ungáir sprioc foriomlán athghabhála de 46% a shocrú ó 2005 i leith.

B. CÁILÍOCHT AN UISCE

1. 31991 L 0271: Treoir 91/271/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1991 maidir le cóireáil fuíolluisce uirbigh (IO L 135, 30.5.1991, lch. 40), mar atá arna leasú le:

– 31998 L 0015: Treoir 98/15/CE ón gCoimisiún an 27.2.1998 (IO L 67, 7.3.1998, lch. 29).

(a) De mhaolú ar Airteagail 3, 4 agus 5(2) de Theoir 91/271/CE, ní bheidh feidhm iomlán go dtí an 31 Nollaig 2015 san Ungáir ag na ceanglais do chórais bhailithe agus cóireáil fuíolluisce uirbigh i gcomhréir leis na spriocanna idirmheánacha seo a leanas:

– faoi cheann an 31 Nollaig 2008, beidh an Treoir comhlíonta i limistéir íogaire do cheirtleáin ar mó coibhéis a ndaonra ná 10 000;

– faoi cheann an 31 Nollaig 2010, beidh an Treoir comhlíonta i ngnáthlimistéir do cheirtleáin ar mó coibhéis a ndaonra ná 15 000.

(b) De mhaolú ar Airteagal 13 de Theoir 91/271/CE, ní bheidh feidhm go dtí an 31 Nollaig 2008 san Ungáir ag na ceanglais do fhuíolluisce tionsclaíoch in-bhithdhíghrádaithe ó ghléasraí de chuid na n-earnálacha tionsclaíocha atá liostaithe in Iarscríbhinn III maidir leis na gléasraí seo a leanas san Ungáir:

– Pannontej Rt., Répcelak
– Bácsbokodi Tejüzem, Bácsbokod
– Papp Kereskedelmi Kft. Konzervgyár, Nyírtas
– Vépisz Szövetkezet, Konzervüzem, Csegöld
– Szatmári Konzervgyár Kft., Tyukod
– PETISFOOD Kft. Konzervüzem, Vasmegyer
– Atev Rt., Debrecen-Bánk
– Mirsa Rt., Albertirsa
– Makói Tejüzem, Makó
– Zalka Tej Rt., Nagybánhegyes.

2. 31998 L 0083: Treoir 98/83/CE ón gComhairle an 3 Samhain 1998 maidir le cáilíocht uisce atá ceaptha le hól ag daoine (IO L 330, 5.12.1998, lch. 32).

De mhaolú ar Airteagal 9(1) de Threoir 98/83/CE, féadfaidh an Ungáir foráil do mhaoluithe ar an luach paraiméadrach d’arsanaic go dtí an 25 Nollaig 2009 gan cinneadh den sórt sin a chur i bhfios don Choimisiún. Más mian leis an Ungáir maolú den sórt sin a fhadú tar éis an dáta sin, beidh feidhm ag an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 9(2). Níl feidhm ag an maolú seo maidir le huisce le hól atá ceaptha do phróiseáil bia.

De mhaolú ar Airteagal 9(1) de Threoir 98/83/CE, féadfaidh an Ungáir foráil do mhaoluithe ar an luach paraiméadrach d’arsanaic go dtí an 25 Nollaig 2009 gan cinneadh den sórt sin a chur i bhfios don Choimisiún. Más mian leis an Ungáir maolú den sórt sin a fhadú tar éis an dáta sin, beidh feidhm ag an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 9(2).

Beidh feidhm freisin ag an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 9(2) más mian leis an Ungáir foráil tar éis an 25 Nollaig 2006 do na maoluithe faoi Airteagal 9(1) do bhórón, fluairíd agus nítrít.

C. AN TRUAILLIÚ TIONSCLAÍOCH A RIALÚ AGUS BAINISTÍOCHT BHAOIL

1. 31994 L 0067: Treoir 94/67/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 1994 maidir le dramhaíl chontúirteach a loscadh (IO L 365, 31.12.1994, lch. 34);

De mhaolú ar Airteagal 7 agus 11 agus Iarscríbhinn III de Threoir 94/67/CE, ní bheidh feidhm san Ungáir go dtí an 30 Meitheamh 2005 ag na luachanna teorantacha astaíochta agus na ceanglais do thomhais maidir leis na loisceoirí seo a leanas mar a shonraítear thíos:

– Loisceoirí fuíollolaí agus fuíll leachtaigh eile:

  – Petró & Petró Kft., Ács: luach teorantach don deannach iomlán amháin, tomhais;
  – KÖSZOL Kft., Győr: luach teorantach don deannach iomlán amháin, tomhais;
  – Nitrokémia Rt., Balatonfűzfő: luach teorantach don deannach iomlán amháin, tomhais;
  – MB Szerviz Kft., Búdaipeist: luach teorantach don deannach iomlán amháin, tomhais;
  – Jászautó Kft., Jászberény: luach teorantach don deannach iomlán amháin, tomhais;

– Loisceoirí dramhaíola ospidéil:

  - Semmelweis Orvostudományi Egyetem, Búdaipeist: tomhais amháin;
  - SEPTOX Kft., Országos Korányi Tbc és Pulmonológiai Intézet, Búdaipeist: tomhais amháin;
  - Progress B-90 Kft., Kistarcsa: luach teorantach don deannach iomlán amháin, tomhais;
  - Albert Schweizer Kórház, Hatvan: luach teorantach don chlóiríd hidrigine amháin, tomhais;
  - Jósa András Kórház, Nyíregyáza: tomhais amháin;
  - Erzsébet Kórház, Jászberény: luach teorantach don chlóiríd hidrigine amháin, tomhais;
  - Kátai Gábor Kórház, Karcag: tomhais amháin;
  - Mezőtúri Városi Kórház, Mezőtúr: tomhais amháin;
  - Filantrop Kft., Kecskemét: tomhais amháin;
  - Szegedi Városi Kórház, Szeged: tomhais amháin;
  - Csongrád Megyei Területi Kórház, Szentes: luachanna teorantacha don deannach iomlán, don chlóiríd hidrigine agus tomhais amháin;
  - Markhot Ferenc Kórház, Eger: tomhais amháin;
  - Bugát Pál Kórház, Gyöngyös: luach teorantach don dé-ocsaín amháin, tomhais;
  - Pándy Kálmán Kórház, Gyula: luachanna teorantacha don deannach iomlán, don chlóiríd hidrigine (HCl) amháin, tomhais;

- Loisceoirí agus comhloisceoirí dramhaíola contúirtí soladaí agus leachtaí:

  - Dunai Cement és Mészmű Rt., Vác: tomhais amháin;
  - Pannoncem Cementipari Rt., Lábatlan: luachanna teorantacha do Nox amháin, tomhais;
  - Megoldás Kft., Szombathely (Loisceoir de chineál Shenandoah P60-M2 agus loisceoir de chineál Energospar-2):luachanna teorantacha do HCl amháin, tomhais;
  - Crazy Cargo Kft., Székesfehérvár: tomhais amháin
  - H+H Dunaforg Kft., Dunaújváros: tomhais amháin
  - Mosonmagyaróvári Fémszerelvény Rt., Mosonmagyaróvár: luachanna teorantacha do PM, HF amháin, tomhais;
  - FORTE Rt., Vác: tomhais amháin;
  - Légiforgalmi és Repülőtéri Igazgatóság, Búdaipeist: luachanna teorantacha astaíochta do HCl, HF amháin, tomhais;
  - MOL Rt. Dunai Finomító, Százhalombatta: luachanna teorantacha astaíochta do Cr i bhfuíolluisce, amháin, tomhais;
  - ÉMK Kft., Sajóbábony: luachanna teorantacha astaíochta don dé-ocsaín amháin ;
  - Ecomissio Kft., Tiszaújváros: luachanna teorantacha astaíochta do $So_2$, HCl amháin, tomhais;
  - Miskolci Városi Közlekedési Rt., Miskolc (Loisceoir de chineál Energospar-2 agus loisceoir de chineál Pirotherm CV-1): luachanna teorantacha do astaíochta HM amháin, tomhais;
  - MOL Rt. Tiszai Finomító, Tiszaújváros: tomhais amháin;
  - ICN Hungary Rt., Tiszavasvári: tomhais amháin;
  - Hajdúkomm Kft., Debrecen: tomhais amháin
  - Mendoterm Kft., Búdaipeist: tomhais amháin
  - Gyógyszerkutató Intézet Búdaipeist: tomhais amháin;
  - Gyógyszerkutató Intézet, Budakeszi: tomhais amháin.

2. 32001 L 0080: Treoir 2001/80/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2001 maidir le hastaíochtaí truailleán áirithe san aer ó ollghléasraí dócháin a theorannú (IO L 309, 27.11.2001, lch. 1).

De mhaolú ar Airteagal 4(1) agus cuid A d'Iarscríbhinní III go VII de Threoir 2001/80/CE, ní bheidh feidhm san Ungáir go dtí an 31 Nollaig 2004 ag na luachanna teorantacha astaíochta do dhé-ocsaíd sulfair, ocsaídí nítrigine agus deannach maidir leis na gléasraí seo a leanas:

– Budapesti Erőmű Rt., Újpest, Coire Uimh.4;
– Budapesti Erőmű Rt., Kőbánya, Coirí Uimh. 1, 2, 3 agus 4;
– Dorog-Esztergom Erőmű Kft., Dorog, Coirí Uimh. 5 agus 6;
– EMA-POWER Kft., Dunaújváros, Coirí Uimh.7 agus 8;
– Nyíregyházi Erőmű Kft., Nyíregyháza, Coire Uimh. 15;
– PANNONPOWER Rt., Pécs, Coirí Uimh. 5, agus 7;
– Mátra Cukor Rt., Hatvan, 3 coire;
– Zoltek Rt., Nyergesújfalu, 1 coire.

9. AN tAONTAS CUSTAIM

31987 R 2658: Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 256, 7.9.1987, lch. 1), mar atá arna leasú go deireanach le:

– 32002 R 0969: Rialachán (CE) Uimh. 969/2002 ón gCoimisiún an 6.6.2002 (IO L 149, 7.6.2002, lch. 20).

(a) De mhaolú ar Airteagal 5(1) de Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87, féadfaidh an Ungáir taraifchúota bliantúil a oscailt go dtí deireadh an tríú bliain tar éis dháta an aontachais nó go dtí an 31 Nollaig 2007, cibé acu is túisce, le haghaidh alúmanaim neamhchóimhiotalaithe (Cód AC 7601 10 00), i gcomhréir leis an sceideal seo a leanas:

  – cuóta nach mó ná 110 000 tona, ag ráta *ad valorem* 2%, nó aon trian den dleacht AE atá ann, cibé acu is airde, i rith na chéad bhliana;

  – cuóta nach mó ná 70 000 tona, ag ráta *ad valorem* 4%, nó dhá thrian den dleacht AE atá ann, cibé acu is airde, i rith an dara bliain;

  – cuóta nach mó ná 20 000 tona, ag ráta *ad valorem* 4%, nó dhá thrian den dleacht AE atá ann, cibé acu is airde, i rith an tríú bliain;

  ar chuntar:

  – go scaoiltear na hearraí i gceist le haghaidh saorchúrsaíochta ar chríoch na hUngáire agus go dtomhlaítear ann iad nó go ndéantar próiseáil ann orthu a thugann tionscnamh Comhphobail dóibh ansin, agus

  – go bhfanann siad faoi mhaoirseacht chustaim de bhun na bhforálacha Comhphobail ábhartha maidir le críochúsáid mar atá leagtha síos in Airteagail 21 agus 82 de

Rialachán (CEE) Uimh. 2913/92 ag bunú Chód Custaim an Chomhphobail [1] .

(b) Ní bheidh na forálacha atá leagtha síos thuas infheidhme ach amháin má thíolactar, mar thacaíocht leis an dearbhú iontrála um scaoileadh le haghaidh saorchúrsaíochta, ceadúnas arna eisiúint ag údaráis ábhartha na hUngáire ag sonrú go dtagann na hearraí i gceist laistigh de raon feidhme na bhforálacha atá leagtha síos thuas.

(c) Glacfaidh an Coimisiún agus údaráis inniúla na hUngáire cibé bearta is gá chun a áirithiú gur ar chríoch na hUngáire a dhéantar tomhaltas deiridh ar an táirge i gceist nó an phróiseáil trína bhfaigheann sé tionscnamh Comhphobail.

---

**1** IO L 302, 19.10.1992, lch. 1. Rialachán mar atá arna leasú go deireanach le Rialachán (CE) Uimh. 2700/2000 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 311, 12.12.2000, lch. 17).

Foscríbhinn A

dá dtagraítear i gCaibidil 5, Roinn B, pointe 1, d'Iarscríbhinn

Liosta de bhunaíochtaí, lena n-áirítear easnaimh agus teorainneacha ama chun na heasnaimh sin a cheartú

Bunaíochtaí feola

| Uimh. | Uimh. Thréid. | Ainm na bunaíochta | Easnaimh | Dáta an lánchomhlíonta |
|---|---|---|---|---|
| 1 | 29/30/2000 | Szilágy Gábor Vágóhíd-Feldolgozó | Treoir 64/433/CEE ón gComhairle:<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 4(c) agus (d)<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointí 10 agus 12 | 31.12.2005 |
| 2 | 658/2001 | Komárom Rt. Pontis Húsüzeme | Treoir 64/433/CEE ón gComhairle:<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 1(a), (c), (e) agus (g)<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 4(a), (b), (c) agus (d) | 31.12.2004 |
| 3 | 27/7/1994 | Babati és Társa Hús-feldolgozó, Kereskedelmi Kft. Vágóhíd és Húsüzem | Treoir 64/433/CEE ón gComhairle:<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 1(e) agus (g)<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 2(b)<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 4(c) | 31.12.2006 |
| 4 | 7/15/1999 | Ász-Kolbász Kft. | Treoir 64/433/CEE ón gComhairle:<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 1(c)<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 4(b)<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 9 | 31.12.2004 |
| 5 | 304/3/1997 | Molnár és Molnár Ker. Bt. | Treoir 64/433/CEE ón gComhairle:<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 1(a) agus (f)<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 2(a)<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointí 5, 8 agus 12 | 31.12.2006 |

| Uimh. | Uimh. Thréid. | Ainm na bunaíochta | Easnaimh | Dáta an lánchomhlíonta |
|---|---|---|---|---|
| 6 | 36/1999 | Pásztorhús Kft. Vágóhídja | Treoir 64/433/CEE ón gComhairle:<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 1(e)<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 3<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 4(c) agus (d)<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointí 9 agus 11 | 31.12.2005 |
| 7 | 10/1998 | NYUGAT Nyíregyházi Szövetkezet Húsüzem | Treoir 64/433/CEE ón gComhairle:<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 1(c) agus (e)<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 2<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 4(b) agus (c) | 31.12.2005 |
| 8 | 101-56/2000 | Aranykezű Kft. Vágóhíd és Feldolgozó | Treoir 64/433/CEE ón gComhairle:<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 4(c)<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointí 6, 7 agus 12 | 31.12.2004 |
| 9 | 13/1993 | Ga-Zsó Hús Vágóhídja | Treoir 64/433/CEE ón gComhairle:<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 1(c), (e) agus (g)<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 3<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 4(c) agus (d)<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointí 8, 11 agus 12 | 31.12.2006 |
| 10 | 27/35/1994 | Felsál Kft. | Treoir 64/433/CEE ón gComhairle:<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 1(a), (b), (c), (f) agus (g)<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 2(a)<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 4(b)<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointí 5, 11 agus 12 | 31.12.2006 |
| 11 | 60-56/1994 | Gorzsai Húsüzem | Treoir 64/433/CEE ón gComhairle:<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 1(a), (c), (e) agus (g)<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 4(b), (c) agus (e)<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointí 6, 7, 8, 11 agus 12 | 31.12.2005 |
| 12 | 34/2000 | Varga és Tsa. 2000 Kft. Vágóhídja | Treoir 64/433/CEE ón gComhairle:<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 1(c) agus (e)<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 3<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 4(b), (c) agus (d)<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 9 | 31.12.2005 |
| 13 | 400-8/1998 | Mada-Hús Kft. | Treoir 64/433/CEE ón gComhairle:<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 1(e)<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 4(b) agus (c)<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 9 | 31.12.2005 |

| Uimh. | Uimh. Thréid. | Ainm na bunaíochta | Easnaimh | Dáta an lánchomhlíonta |
|---|---|---|---|---|
| 14 | 28/18/1998 | Hejőhús Kft. Vágóhídja | Treoir 64/433/CEE ón gComhairle:<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 4(d)<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointí 9, 10 agus 12 | 31.12.2005 |
| 15 | 101-38/2000 | Füstöltkolbász Kolbász-készítő és Szolgáltató Kft. | Treoir 64/433/CEE ón gComhairle:<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 1(a), (c) agus (e)<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 4(b) agus (c)<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointí 6, 7, 8, 9 agus 11 | 31.12.2005 |
| 16 | 113-59:1024-2/1999 | Fömo-Hús Húsipari és Kereskedelmi Kft. | Treoir 64/433/CEE ón gComhairle:<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 4(b), (c) agus (e)<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointí 9, 11 agus 13 | 31.12.2006 |
| 17 | 101-72/2001 | Héjja Testvérek Kft. Vágóhíd | Treoir 64/433/CEE ón gComhairle:<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 1(c) agus (e)<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 4(b), (c) agus (e)<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointí 6, 7, 11 agus 12 | 31.12.2005 |
| 18 | 28/114/1996 | Szirák-Farm Kft. | Treoir 64/433/CEE ón gComhairle:<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 1(a), (b) agus (f)<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 4(b) agus (d)<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointí 5, 8, 10 agus 12 | 31.12.2006 |
| 19 | 692-2/103/167/1992 | Juhász-Hús Kft. | Treoir 64/433/CEE ón gComhairle:<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 1(g)<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 10 | 31.12.2006 |
| 20 | 43/1996 | Sarud-Hús Kft. | Treoir 64/433/CEE ón gComhairle:<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 1(c), (e) agus (g)<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 3<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 4(b), (c) agus (d) | 31.12.2005 |
| 21 | 94-5/2001 | Pikker 2000 Bt. Vágóhídja | Treoir 64/433/CEE ón gComhairle:<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 3<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 4(c) agus (d)<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 12 | 31.12.2005 |
| 22 | 55-83/1995 | Apci-Hús Kft. Vágóhídja | Treoir 64/433/CEE ón gComhairle:<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 1(e) agus (g)<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 3<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 4(c) agus (d) | 31.12.2005 |
| 23 | 16-88/1997 | Közérdekű Bt. | Treoir 64/433/CEE ón gComhairle:<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 1(e)<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 4(b) agus (e)<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointí 9 agus 13 | 31.12.2006 |

| Uimh. | Uimh. Thréid. | Ainm na bunaíochta | Easnaimh | Dáta an lánchomhlíonta |
|---|---|---|---|---|
| 24 | 55/1997 | Bodó és Társa Kft. | Treoir 64/433/CEE ón gComhairle:<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 1(e)<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 4(c)<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointí 5 agus 9 | 31.12.2005 |
| 25 | 1103/1/2000 | Mikóhús Kft. | Treoir 64/433/CEE ón gComhairle:<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 1(c), (e) agus (f)<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 2<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 4(b) agus (e)<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 12 | 31.12.2006 |
| 26 | 60-300/1994 | Dorozsmahús Kft. | Treoir 64/433/CEE ón gComhairle:<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 1(a), (c) agus (e)<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 4(b), (c) agus (e)<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointí 5, 6, 7, 8, 11, 12 agus 13 | 31.12.2005 |
| 27 | 45/1995 | Bereg-Hús Kft. | Treoir 64/433/CEE ón gComhairle:<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 1(c) agus (d)<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 4(b)<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 5 | 31.12.2005 |
| 28 | 28/9/1998 | Sárvári Mezőgazdasági Rt. Vágóhíd-Húsüzem | Treoir 64/433/CEE ón gComhairle:<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 1(c) agus (e)<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 4(a), (b) agus (c)<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointí 5, 11 agus 12 | 31.12.2006 |
| 29 | 110/1/1994 | Táncsics Mg. Devecseri Húsüzem | Treoir 64/433/CEE ón gComhairle:<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 1(b)<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 2(a)<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 4(b) agus (c)<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointí 5, 11 agus 12 | 31.12.2006 |
| 30 | 336/1/2001 | Palini Hús Rt. | Treoir 64/433/CEE ón gComhairle:<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 1(c)<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 4(b) | 31.12.2006 |
| 31 | 48/2000 | Horváth Kft. Vágóhídja | Treoir 64/433/CEE ón gComhairle:<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 1(e) agus (g)<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 3<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 4(c) agus (d)<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 12 | 31.12.2005 |

| Uimh. | Uimh. Thréid. | Ainm na bunaíochta | Easnaimh | Dáta an lánchomhlíonta |
|---|---|---|---|---|
| 32 | 25/1998 | Hultai István Vágóhídja | Treoir 64/433/CEE ón gComhairle:<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 1(b), (c) agus (f)<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 4(b) agus (c)<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 9 | 31.12.2005 |
| 33 | 28/11/1999 | Fehérpecsenye Kft. Vágóhíd-Húsüzem | Treoir 64/433/CEE ón gComhairle:<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 4(c)<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointí 5, 9 agus 11 | 31.12.2006 |
| 34 | 433-2/2000 | Bajnainé Tsa. Bt. | Treoir 64/433/CEE ón gComhairle:<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 1(c) agus (e)<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 4(a), (c) agus (e)<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointí 9, 11 agus 13 | 31.12.2004 |
| 35 | 26/1994 | Poszavecz József Vágóhídja | Treoir 64/433/CEE ón gComhairle:<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 1(c)<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 4(b) | 31.12.2006 |
| 36 | 432/2000 | Nemeshegyi Lászlóné Vágó és Húsfeldolgozó Üzeme | Treoir 64/433/CEE ón gComhairle:<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 1(c)<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 4(b) agus (c) | 31.12.2006 |
| 37 | 45-17/1998 | Árvai Húsipari Kft. Vágóhídja | Treoir 64/433/CEE ón gComhairle:<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 1(e) agus (g)<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 3<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 4(c), (d) agus (e)<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointí 9, 11 agus 12 | 31.12.2006 |
| 38 | 139/3/2000 | Szegvári Vágóhíd és Húsüzem | Treoir 64/433/CEE ón gComhairle:<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 1(e)<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 2(b)<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 12 | 31.12.2006 |
| 39 | 16/159/1998 | Konkoly Kft. | Treoir 64/433/CEE ón gComhairle:<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 1(e) agus (g)<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 4(c) agus (e)<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 12 | 31.12.2006 |
| 40 | 113-10/519-2/1999 | Provizio-3 Kft. Fehérvárcsurgói Vágóhíd | Treoir 64/433/CEE ón gComhairle:<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 10 | 31.12.2006 |

| Uimh. | Uimh. Thréid. | Ainm na bunaíochta | Easnaimh | Dáta an lánchomhlíonta |
|---|---|---|---|---|
| 41 | 316-6/1998 | Mészáros Ferenc Vágóhídja | Treoir 64/433/CEE ón gComhairle:<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 1(c)<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 4(a), (b), (c) agus (d)<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointí 8, 9 agus 10 | 31.12.2004 |
| 42 | 52-93/1997 | Gulyás és Társa Kft. | Treoir 64/433/CEE ón gComhairle:<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 1(c) agus (e)<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 3<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 4(b), (c) agus (e)<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointí 5, 6, 7, 8, 11 agus 12 | 31.12.2004 |
| 43 | 1100/1/2001 | Adonyhús Kft. | Treoir 64/433/CEE ón gComhairle:<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 1(e) agus (g)<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 4(d)<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointí 7 agus 11 | 31.12.2006 |
| 44 | 28/17/1997 | Jánosháza Hús Kft Vágóhíd-Húsüzem | Treoir 64/433/CEE ón gComhairle:<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 1(c) agus (e)<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 4(b) agus (c)<br>Iarscríbhinn I, Caibidil I, pointe 9 | 31.12.2006 |

FOSCRÍBHINN B

dá dtagraítear i gCaibidil 5, Roinn B, pointe 2, d'Iarscríbhinn X

Liosta de bhunaíochtaí, lena n-áirítear a dtáirgeacht (uibheacha in aghaidh an bliana)

LEAS AINMHITHE

| Uimh. | Ainm na bunaíochta | Contae | Táirgeacht (uibheacha in aghaidh na bliana) |
|---|---|---|---|
| 1 | Gyermely Rt. | Komárom-Esztergom | 70 000 000 |
| 2 | Érsekcsanád tojótelep | Bács-Kiskun | 30 000 000 |
| 3 | Rákóczi Mg.Kft. Sápi tojótelep | Hajdú-Bihar | 30 000 000 |
| 4 | Sató Kft. | Komárom-Esztergom | 27 000 000 |
| 5 | Új Élet Szövetkezet | Komárom-Esztergom | 16 000 000 |
| 6 | Rábamenti Gazdaszövetkezet | Vas | 14 000 000 |
| 7 | Baromfi hús és tojásforgalmazó Kft. | Komárom-Esztergom | 11 000 000 |
| 8 | Nyugat Nyíregyházi Szövetkezet | Szabolcs-Szatmár-Bereg | 4 700 000 |
| 9 | Rákóczi TKSZ | Heves | 2 600 000 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 10 | Dr. Kalhammer Mátyás | Békés | 850 000 |
| 11 | Balázs Pintér András | Heves | 1 000 000 |
| 12 | Kaló László | Heves | 700 000 |
| 13 | Sütő Malom Kft. | Hajdú-Bihar | 650 000 |
| 14 | Képes Szilárd | Heves | 630 000 |
| 15 | Herkó Györgyné | Békés | 550 000 |
| 16 | Féderer Lőrinczné I. | Bács-Kiskun | 540 000 |
| 17 | Zatykó Mihály | Bács-Kiskun | 400 000 |
| 18 | Féderer Lőrinczné II. | Bács-Kiskun | 360 000 |
| 19 | Lovák Istvánné | Bács-Kiskun | 300 000 |
| 20 | Németh Antal | Vas | 96 000 |
| 21 | Szabados Zoltán | Vas | 28 000 |